Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Deireadh Fómhair 2024
(OR. en)

14180/24

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0237(COD)**

**CODEC 1893**
**STATIS 104**
**ECOFIN 1101**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 maidir le staidreamh Eorpach (**an chéad léamh**)<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 10 Iúil 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 338(1) CFAE, chuig an gComhairle.

2. Thug Banc Ceannais na hEorpa a thuairim uaidh an 28 Meán Fómhair 2023[2].

3. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim uaidh an 6 Meán Fómhair 2023[3].

4. An 13 Márta 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa an seasamh uaithi ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún (gan athbhreithniú dlítheangeolaíoch). Tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur ar an téacs a glacadh, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa ceartúchán a rinneadh ar an seasamh sin le linn an tseisiúin iomlánaigh a bhí aici ón 7 go dtí an 10 Deireadh Fómhair 2024. Is léiriú é sin ar an gcomhréiteach ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh an Chomhairle in ann glacadh leis[4].

---

1 11723/23 + ADD 1-3, ADD 1 COR 1, ADD 2 COR 1.

2 IO C, 2023/1032, 20.11.2023, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52023AB0029.

3 IO C, 2023/1055, 20.11.2023, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:52023XX01055.

4 14173/24.

5. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 65/24 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

6. Leagtar amach an ráiteas le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.